



AN DÓIGH A GCABHRAÍONN AN TAONTAS
EORPACH LEIS AN GCOMHRAC I GCOINNE

IDIRDHEALÚ

SAN ÁIT OIBRE



TÁ CEARTA
AGAT

SRAITH STRAITÉISÍ DO NA MEÁIN SHÓISIALTA

ec.europa.eu/social/EUvsDiscrimination

#EUvsDiscrimination

EOLAS FAOIN bhFEACHTAS

San AE, tá sé de cheart agat cóir chothrom agus chomhionann a fháil ag an obair. Cuireann reachtaíocht an AE cosc ar idirdhealú san ionad oibre bunaithe **ar aois, gnéas, míchumas, bunadh eitneach nó ciniúil, reiligiún nó creideamh, nó gnéaschlaonadh.**

Tá an chosaint ar idirdhealú ina bhunluach den AE agus tá dlíthe an Aontais i gcoinne an idirdhealaithe i measc na ndlíthe is fairsinge dá gcineál ar domhan. Baineann na milliúin fostaithe ar fud na hEorpa tairbhe as na cearta seo gach lá.

É sin ráite, léiríonn suirbhéanna **go measann duine as gach ochtar Eorpaigh go bhfuil siad mar chuid de ghrúpa atá i mbaol idirdhealaithe.** Is cuid de ghnáthshaol na ndaoine sin san Aontas Eorpach an t-idirdhealú, ionsaithe ar mhionlaigh agus an fhuathchaint.

Cuireann an feachtas seo saoránaigh AE, cibé an cuardaitheoirí poist nó fostaithe iad, ar an eolas faoina gcearta maidir le cóir chothrom agus comhdheiseanna i ngach réimse den fhostaíocht.

Spreagfaidh an feachtas feachtas freisin maidir le dualgais fostóirí faoi dhlí AE [freastal réasúnta](#) a chur ar fail do dhaoine faoi mhíchumas. Reáchtálfar imeachtaí áitiúla i 10 mBallstát: an Bheilg, an Rómáin, an Pholainn, an Liotuáin, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chróit, an Ungáir agus Éire, áit a bhfuil na bearnaí fostaíochta is mó ann.

Seoladh an feachtas #EUvsDiscrimination ar an 1 Bealtaine 2019.

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ

Bain úsáid as na príomhtheachtaireachtaí seo nuair atá eolas á scaipeadh agat faoin bhfeachtas. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag ec.europa.eu/social/euvsdiscrimination.

- San AE, tá sé mídhleathach idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar aois, ar ghnéas, ar mhíchumas, ar bhunadh eitneach nó ciníoch, ar reiligiún nó creideamh, nó ar chlaonadh gnéis.
- Tá gach saoránach Eorpach i dteideal cóir chomhionann maidir le hearcaíocht, coinníollacha oibre, árdú céime, pá, rochtain ar ghairmoiliúint, pinsin ghairme agus dífhostú, gan aird ar aois, gnéas, míchumas, bunadh eitneach nó ciníoch, reiligiún nó creideamh, nó claonadh gnéis an duine.
- Tá suim ag AE i bhfolláine a shaoránaigh agus cosnaíonn sé a gcearta maidir le cóir chomhionann agus comhdheiseanna san ionad oibre.

Fostaithe

- Níl 65% de shaoránaigh AE ar an eolas faoina gcearta maidir le hidirdhealú ([Eurobaraiméadar Speisialta 437](#)). D'fhéadfadh sé go bhfuil tú i d'íospartach idirdhealaithe i ngan fhios duit féin é.
- Má mheasann tú go ndearnadh idirdhealú ort, is féidir leat comhairle a lorg ó eagraíochtaí amhail ceardchumainn, ENRanna nó comhlachtaí comhionannais náisiúnta. Féadfaidh na heagraíochtaí sin cabhrú leat gearán a dhéanamh nó d'fhéadfadh siad fiú breathnú ar do chás dóibh féin.

Fostóirí

- San AE, tá sé d'oibleagáid agus de fhreagracht ar fhostóirí comhrac i gcoinne an idirdhealaithe ag an obair.
- Tá sé de dhualgas ar fhostóirí 'freastal réasúnta' a chur ar fáil san ionad oibre do dhaoine faoi mhíchumas, ar an gcuntar nach gcuireann sé sin ualach díréireach orthu. Cuimsíonn sé sin **athruithe ar thimpeallacht nó ar eagrúchán poist nó oibre** a chuireann ar chumas duine faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh air, an post nó obair a dhéanamh agus dul chun cinn a dhéanamh sa bhfostaíocht nó san oiliúint ar théarmaí atá comhionann le hoibrithe eile. D'fhéadfadh tacaíocht phearsanta a bheith i gceist freisin.
- Tá ciall freisin le dlíthe frith-idirdhealaithe AE ó thaobh na heacnamaíochas de. Is ionann na grúpaí ar fad a chosnaítear faoi reachtaíocht idirdhealaithe AE agus foinse scileanna agus cumais nár tarraingíodh aisti go fóill, rud a chiallaíonn gur féidir le fostóirí tairbhe a bhaint as neart oibrithe ardoilte nach fuil aon duine ag tarraingt orthu.

- Bíonn lucht saothair cothromasach a mhothaíonn go bhfuil ardmheas air agus a mhothaíonn cinnte faoina phost níos táirgiúla.
- Cabhraíonn dlíthe frith-idirdhealaithe AE le héagsúlacht agus cruthaitheacht an ionaid oibre i gcoitinne a mhéadú. Féadfaidh sé sin íomhá na cuideachta a fheabsú dá foireann, don phobal agus dá custaiméirí.

TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS NA MEÁIN SHÓISIALTA

- Bain úsáid agus na físeáin agus íomhánna a chuirtear ar fáil sa tsraith straitéisí seo
- Tá lánchead agat an t-ábhar a chur in oiriúint do do spiocphobal féin
- Cinntigh go bhfuil d'inneachar ag teacht le príomhtheachtaireachtaí an fheachtais
- Bain úsáid i **gcónaí** as haischlib an fheachtais:

#EUvsDiscrimination

- Bí i dteagmháil linn agus roinn ár gcuid postálacha!



Web

ec.europa.eu/social/euvsdiscrimination



Facebook

[Facebook page](#)



Twitter

[@EU_Social](#)



YouTube

[Social Europe](#)



LinkedIn

[EURES](#)

ÍOMHÁNNA AGUS FÍSEÁIN

Is féidir na híomhánna agus na físeáin ar fad a íoslódáil [ANSEO](#).

TEAGMHÁIL

Má tá aon cheist agat nó má theastaíonn cabhair uait chun ábhair na sraithe straitéisí a úsáid, déan teagmháil le do thoil le EMPL-DISC@ec.europa.eu.